# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

| Annotation | Used to Show |
|---|---|
| ✓1 ✓2 ✓3 ✓4 ✓5 | Answer (or part of an answer) / valid point worth 1, 2, 3, 4, 5 marks |
| ✓ | Surplus answer(s) |
| 0 | An incorrect answer worth 0 marks |
| Ev Ex REF Dg | Evidence / Example / Reference / Diagram worth 2 marks |
| N2 / N3 | Naming worth 2 / 3 marks |
| ⌇ | Blank page has been seen / Information seen but not awarded marks |

**Ceist 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 33 marc |
| **(a)** | (i) | 2,548 $km^2$ | 3 |
| | (ii) | 67% | 3 |
| | (iii) | A3 + PB3<br>*Talamh a ghlanadh le haghaidh talmhaíochta, barra margaidh, ola pailme* | 6 |
| **(b)** | (i) | Na Cealla Beaga | 3 |
| | (ii) | 27, 780 tonna<br><br>4 mharc don ríomh<br>1 mharc don aonad | 4+1 |
| | (iii) | Tarlaíonn ró-iascaireacht nuair a thógtar éisc amach as an uisce níos tapa ná mar is féidir leo atáirgeadh a dhéanamh | 3 |
| | (iv) | (A3 + PB2) + (A3 + PB2)<br><br>*Cuótaí, teorainn a chur le méid na n-iasc a ghabhtar*<br>*Criosanna Eisiaimh, ligean d'éisc atáirgeadh* | 10 |

**Ceist 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 45 marc |
| **(a)** | | D<br>B<br>C<br>A | 2<br>2<br>2<br>2 |
| **(b)** | (i) | Cúlra ar chlé | 4 |
| | (ii) | G 888 613 | 4 |
| | (iii) | Taiscumar | 3 |
| | (iv) | In-athnuaite | 3 |
| | (v) | Fíor | 3 |
| **(c)** | | (A2 + PB2 + PB2) + (A2 + PB2 + PB2)<br><br>Féadfaidh an tionchar a bheith dearfach nó diúltach. Limistéar áineasa, gníomhaíochtaí bádóireachta, turasóireacht, tuilte talún, cailleann daoine a dtithe, cuirtear iallach orthu dul ar imirce. | 12 |
| **(d)** | | Le haghaidh gach ceann de na ceithre mhír:<br>Léirigh = 1m<br>Lipéadaigh = 1m | 8 |

**Ceist 3**

| | | | 45 marc |
|---|---|---|---|
| **(a)** | (i) | D<br>B<br>C<br>A | 2<br>2<br>2<br>2 |
| | (ii) | Sleamhnú | 3 |
| | (iii) | Richter/ Mercalli / Mercalli Mionathraithe /<br>Scála Méide na Móiminte (MMS) | 3 |
| | (iv) | Iarchreathanna | 3 |
| | (v) | *An pointe ar dhromchla an domhain, díreach os cionn an fhócais* | 4/2/0 |
| **(b)** | (i) | B<br>C<br>A<br>~~D~~ | 2<br>2<br>2<br>- |
| **(c)** | (i) | Suíomh ainmnithe | 2 |
| | (ii) | (A2 + PB2 + PB2) + (A2 + PB2 + PB2)<br><br>Geilleagrach – Damáiste do ghnólachtaí, caillteanas fostaíochta, caillteanas ioncaim<br><br>Sóisialta – tithe scriosta, imirce éigeantach, daoine ina gcónaí i gcampaí dídeanaithe | 12 |
| | (iii) | PB2 + PB2 | 4 |

**Ceist 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 48 marc |
| **(a)** | (i) | an tSiria | 3 |
| | (ii) | Tubaistí Nádúrtha<br>Cogadh | 3<br>3 |
| | (iii) | Cúnamh Éigeandála | 3 |
| | (iv) | (a) Eisimirce<br>(b) Obair<br>~~(c) Iarrthóir tearmainn~~<br>(d) Bac<br>(e) Iltaobhach | 3<br>3<br>-<br>3<br>3 |
| **(b)** | | PB3 + PB3 + PB2<br><br>*Méadú ar ionchas saoil, vacsaínithe, Eitinn* | 8 |
| **(c)** | (i) | Tánaisteach | 3 |
| | (ii) | 4% | 5 |
| | (iii) | Tír A | 2 |
| | (iv) | PB2 + PB2 + PB2<br><br>*Níos mó daoine fostaithe in oideachas treasach, oideachas ardleibhéil* | 6 |

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 26 marc |
| **(a)** | | D<br>A<br>~~C~~<br>B | 2<br>2<br>-<br>2 |
| **(b)** | | A3 + PB3 + PB2 + PB2 + L2<br><br>*Glac le gnéithe bailí creimthe amháin.*<br><br>*PB amháin a thugtar do phróiseas ainmnithe oighearchreimthe. [Sracadh, Scríobchaitheamh, Gníomhaíocht reo is coscartha]* | 12 |
| **(c)** | | A2 + PB2 + PB2 + PB2<br><br>*Méadú ar theocht, gníomhaíocht dhaonna, srl.* | 8 |

**Ceist 6**

| | | | 30 marc |
|---|---|---|---|
| **(a)** | (i) | ~~3~~<br>1<br>4<br>2 | -<br>2<br>2<br>2 |
| | (ii) | Cineál síonchaithimh ainmnithe: Fisiceach, Ceimiceach, Bitheolaíoch | 3 |
| **(b)** | | PB2 + PB2 + PB2<br><br>*Aeráid: braitheann ráta an tsíonchaithimh ar theocht agus ar fhrasaíocht*<br>*Fásra: cruthaíonn sé bruscar plandaí a bhriseann síos chun húmas a dhéanamh*<br>*Máthairábhar: soláthraíonn carraig shíonchaite mianraí agus cothaithigh* | 6 |
| **(c)** | (i) | An tríú cuid | 3 |
| | (ii) | Diantalmhaíocht<br>Gníomhaíocht thionsclaíoch | 2<br>2 |
| | (iii) | A3 + PB3 + PB2<br><br>Níl an ithir torthúil a thuilleadh, teip ar bharra, gorta | 8 |

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 49 marc |
| **(a)** | (i) | D<br>A<br>B<br>C | 2<br>2<br>2<br>2 |
| | (ii) | Aigéanach Measartha Fionnuar | 3 |
| | (iii) | PB2 + PB2 + PB2<br><br>*Treoíocht: tá fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas níos teo le go bhfásfaidh barra*<br>*Domhanleithead: claonann an samhradh i dtreo na gréine agus teochtaí níos teo*<br>*Gnáthghaoth: aer te tais siar ó dheas ón Aigéan Atlantach*<br>*Airde: tá sléibhte thiar ina gcúis le báisteach rilífe* | 6 |
| **(b)** | (i) | Ardbhrú | 3 |
| | (ii) | 1032 mb | 3 |
| | (iii) | Lagbhrú | 3 |
| | (iv) | 3-6 mm | 3 |
| | (v) | Milliméadair (mm) | 3 |
| | (vi) | Méadar báistí | 3 |
| **(c)** | (i) | Teagmhas aimsire suntasach ainmnithe go cruinn | 2 |
| | (ii) | Suíomh ainmnithe cruinn | 2 |
| | (iii) | PB3 + PB3 + PB2 + L2 | 10 |

**Ceist 8**

| | | | 44 marc |
|---|---|---|---|
| **(a)** | (i) | Líneach<br>Scaipthe<br>Cnuasta/Núicléatach | 3<br>3<br>3 |
| | (ii) | Tagairt Eangaí Chruinn<br><br>*Áirítear litir fo-roinne agus comhordanáidí in ord soir agus ó thuaidh* | 5 |
| | (iii) | PB2 + PB2 + PB2<br><br>Líneach: i líne feadh bhóthair, rochtain ar sheirbhísí amhail leictreachas | 6 |
| **(b)** | (i) | Fíor | 3 |
| | (ii) | Bréagach | 3 |
| | (iii) | Fíor | 3 |
| | (iv) | Bréagach | 3 |
| **(c)** | | (A3 + PB3) + (A3 + PB3) | 12 |

**Ceist 9**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 40 marc |
| **(a)** | | A Tánaisteach<br>B Príomhúil<br>C Treasach | 3<br>3<br>3 |
| **(b)** | (i) | Bréagach | 3 |
| | (ii) | G 878 614 | 5 |
| | (iii) | Réigiúnach | 3 |
| | (iv) | 108 $km^2$ | 4 |
| | (v) | A3 + F2 + PB3<br><br>*Ceantar íseal* | 8 |
| **(c)** | | PB2 + PB2 + PB2 + PB2<br><br>*Tagairt don aeráid, do gheomoirfeolaíocht, do thalamh srl.* | 8 |